

DIÚC A D'ÓL POITÍN

Bhí Domhnall Ó Mongáin ar an Ros Ruadh pósta ag dreithiúr Thomáis Ruaidh an Ghine. Bhí inghean leis an mbeirt seo pósta sa gCuigéal agus ósta aice. Is iomdha ceaig mór poitín a dhíol sí agus a roinn sí agus bhí fonn 's damhsa aice. Bhí sí pósta ag Aodh Rincín, Rincín a rinne siopa Shabadhna.

Sa mbliain 1880, an bhliain a tháinig na fataí nua an *champion*, tháinig *Duke of Edinburgh* le lucht fataí agus plúir go Cuan Chaisín. Chuaigh Rincín amach ag iasgach leis an Diúc ar Loch Bhaile na Cille. Ní raibh breac ná aireachtáil dá fhághail ag an Diúc. Bhí buidéal poitín ag Rincín agus dubhairt sé leis an Diúc nár híocadh pinginn le n-a mháthair air. "Níl aon dochar ann" adeir an Diúc, agus d'ól sé féin braon. Ní raibh ann ach go raibh an braon poitín ólta aige nuair a bhuail sé breac. Bhí seacht bpunt go leith sa mbreac.

Chuaigh sé go dtí an Riaghaltas ina dhiaidh sin agus d'iarr sé ortha an braich a shaoradh. Saoradh an brach agus ní raibh aon cháin ar an mbraich as sin amach.

Bhíodh faoistin ag sagart sa Ros Ruadh. Bhí faoistin i dteach den bhaile lá agus ní raibh duine ag an sagart a d'fhriotháladh an t-Aifreann dó. Dubhairt Domhnall Ó Mongáin go raibh sé féin i ndon an t-Aifreann a fhriotháil. Thosuigh an sagart ar an Aifreann. Thosuigh Domhnall a' freagairt an tsagairt. Nuair a chuir Domhnall an darna hiarraidh as dubhairt an sagart leis nach raibh fhios aige beirthe na beo céard a bhí sé a rádh. "Tá mise leat-sa mar sin" adeir Domhnall, "Níl fhios agam céard tá tú a rádh. Ciamhain do luach an ghine Dómhnall.